EUROPEAN UNION AGENCY FOR FUNDAMENTAL RIGHTS

# Cearta don lucht Leispiach, Aerach, Déghnéasach agus Trasinscneach (LGBT) san Aontas Eorpach

Cuireann Airteagal 21 a thagann faoin gCaibidil 'Chomhionannais' de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh cosc ar idirdhealú ar fhorais um chlaonadh gnéasach.

## Comhthéacs beartais

Tugann forbairtí le roinnt blianta anuas fianaise ar fheasacht mhéadaithe ar chearta an lucht leispiach, aerach, déghnéasach agus trasinscneach (LGBT) san Aontas Eorpach. Neartaíonn Conradh Liospóin, in éineacht le Cairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh a mbaineann ceangal dlí léi, an creat le haghaidh reachtaíochta frith-idirdhealaithe. Ní mór don AE anois idirdhealú a chomhrac, lena n-áirítear é sin atá bunaithe ar chlaonadh gnéasach, ina chuid beartas agus gníomhaíochtaí uile.

Ar leibhéal idirnáisiúnta, tá comhaontú maidir leis an ngá le hidirdhealú a chomhrac ar fhoras um chlaonadh gnéasach agus féiniúlacht inscne athdheimhnithe go láidir, agus tá glactha le dhá mholadh agus le rún ag Coiste na nAirí de chuid Comhairle na hEorpa agus ag an gComhthionól Parlaiminteach.

Sa chomhthéacs seo, i 2009, d'iarr Parlaimint na hEorpa ar an FRA scrúdú a dhéanamh ar an staid i leith lucht LGBT, i ndiaidh achtú na reachtaíochta srianta i ndáil lena gcuid ceart i mBallstáit áirithe an AE.

## Príomhthátail

Nochtar i dtuarascáil an FRA ar *Homafóibe, trasfóibe agus idirdhealú ar fhorais um chlaonadh gnéasach agus féiniúlacht inscne [Homophobia, transphobia and discrimination on grounds of sexual orientation and gender identity]* trí fhadhb bhunúsach ar a dtugann lucht LGBT san Aontas Eorpach aghaidh orthu: go bhfuil orthu maireachtáil ina dtost agus iad dofheicthe, go ndéantar ionsaithe foréigneacha orthu, agus nach gcaitear go comhionann leo, ag an obair mar shampla, ag déileáil le tiarnaí talún nó ag gluaiseacht mórthimpeall an Aontais Eorpaigh.

### Forbairtí measctha

Maidir le cosaint na gceart LGBT, éagsúlaíonn forbairtí reachtacha idir Bhallstáit an AE. Shainaithin taighde an FRA sé phríomh-shaincheist (idircheangailte) inar féidir treochtaí dearfacha agus diúltacha araon a aithint:

- **Saoirse tionóil agus cainte**
Dúshláin le haghaidh imeachtaí Mórtais LGTBT nó frith-agóidí ionsaitheacha, chomh maith le feabhsuithe i ndáil le cosaint do thaispeántóirí; cosc ar fhaisnéis faoi chaidrimh chomhghnéis do mhionúir.

- **Fuathchaint agus fuathchoir**
Cosaint teoranta in aghaidh gníomhartha éadulaingthe agus foréigin i leith lucht LGBT, agus ní leathnaíonn ach líon beag Ballstát úsáid an dlí cóiriúil chun teagmhais dá leithéid a chomhrac.

- **Cóireáil éagothrom agus idirdhealú**
Tá cosaint na ndaoine trasinscneach míshoiléir d'ainneoin cásdlí an AE; clúdaíonn líon suntasach de chomhlachtaí comhionannais claonadh gnéis san fhostaíocht agus ar bhonn níos leithne áfach.

- **Saorghluaiseacht agus athaontú teaghlaigh**
Cuirtear prionsabal an chaithimh chomhionainn i bhfeidhm go héagothrom sa chomhthéacs seo: cuireann roinnt Ballstát an AE srian le nó diúltaíonn siad aitheantas a thabhairt do chomhpháirtíochtaí agus do phóstaí comhghnéis a chuirtear i ngníomh i mBallstát eile, fad is a leathnaíonn Ballstáit eile a gcuid reachtaíochta sa réimse seo.

- **Cosaint idirnáisiúnta d'iarrthóirí tearmainn LGBT**
Breithníonn mórán Ballstát go fóill nach bhfuil iarrthóirí tearmainn atá ag lorg cosanta ó ghéarleanúint de bharr a gclaonta gnéasach nó a bhféiniúlachta inscne i dteideal í a fháil má tá siad in ann maireachtáil ina dtíortha féin gan 'iad féin a nochtadh'.

- **Athrú inscne**
Deacrachtaí i ndáil le rochtain a fháil ar chóireáil, le haitheantas dlíthiúil agus caitheamh comhionannas a ghnóthú i bhformhór de réimsí an tsaoil shóisialta, cé go bhfuil an staid éascaithe ag roinnt Ballstát an AE.

### Tírdhreach míchothrom

Léiríonn na forbairtí measctha seo go bhfuil dul chun cinn á dhéanamh ar luasanna éagsúla agus go míchothrom ar fud an Aontais Eorpaigh: tá difríochtaí ollmhóra idir Bhallstáit an AE go fóill. Is féidir bacainní a chur i leith éadúlaingthe agus meonta diúltacha seasmhacha i ndáil le lucht LGBT den chuid is mó.

### Gabhann reachtaíocht agus inghlacthacht phoiblí i lámh a chéile

D'fhéadfadh treochtaí neamhshocraithe ar fud an AE meonta diúltacha i leith lucht LGBT agus steiréitíopála a léiriú nó a neartú. Tá cearta comhionanna i reachtaíocht ríthábhachtach agus táthar á ndearbhú

Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha (FRA)
Schwarzenbergplatz 11 ▪ 1040 Vín ▪ An Ostair ▪ Teil +43 1 580 30 60 ▪ Facs +43 1 580 30 699
fra.europa.eu ▪ info@fra.europa.eu ▪ facebook.com/fundamentalrights ▪ twitter.com/EURightsAgency

i réimsí áirithe. Ní féidir dul i ngleic le tuiscint agus inghlacthacht phoiblí trí mheán dlíthiúla amháin, áfach, agus tá gá le comhphlé agus rannpháirtíocht idir rialtais agus shochaí shibhialta chun feasacht níos mó ar chearta LGBT a chothú.

Maidir leis seo, soláthraíonn Moladh ó Chomhairle na hEorpa ar bhearta chun idirdhealú ar fhoras um chlaonadh gnéis nó féiniúlacht inscne a chomhrac treoir úsáideach do Bhallstáit i ndáil le meas, cosaint agus cur chun cinn cearta LGBT a fheabhsú. Cuideoidh cur chun feidhme an mholta seo chun cur chuige níos coitianta a fhorbairt i leith comhlíonadh na gceart seo.

**Tionscnaimh réamhghníomhacha**

**Tá roinnt rialtas náisiúnta ag glacadh le pleananna cuimsitheacha chun cearta LGBT a chosaint. Cuir i gcás:**

**Ghlac an Ísiltír le Cáipéis Bheartais LGBT chuimsitheach dar teideal 'Simply Gay' don tréimhse 2008-2011. Is ionann í agus plean gníomhaíochta náisiúnta a chuimsíonn 60 beart éagsúil, lena n-áirítear 24 tionscadal urraithe ag ranna rialtais éagsula chun inghlacthacht shóisialta agus cumhachtú na saoránach LGBT a fheabhsú.**

**Sa tSualainn, cuidíonn gníomhaireacht rialtais chun 'institiúidiúnú na heitrighnéasachta sa tsochaí a chomhrac' agus é mar fhreagracht uirthi daonlathas, caoinfhulaingt agus cearta an duine a chur chun cinn.**

**Áiríonn an Ríocht Aontaithe clár oibre anois chun 'dul i ngleic le claontachtaí as dáta agus chun deiseanna comhionanna a chinntiú do chách, d'ainneoin a gclaonadh gnéis nó féiniúlacht inscne' ina 'Clár don rialtas'.**

**Ghlac roinnt Ballstát an AE - an Eastóin, an Fhrainc, an Ghearmáin, an Ísiltír, an Spáinn agus an Ríocht Aontaithe – le bearta chun oideachas agus comhphlé a chothú, go háirithe i scoileanna agus forais oideachais, leis an aidhm acu dúshlán a chur faoi mheonta diúltacha i leith homaighnéasachta agus lucht LGBT.**

## Comhairle ar bhonn fianaise

Bunaithe ar thorthaí ó anailísí comparáideacha an FRA, d'fhéadfaí éabhlóidí dearfacha marthanacha i ndáil le cosaint ó idirdhealú ar fhorais um chlaonadh gnéasach agus féiniúlacht inscne a fhorbairt trí ghníomhú réamhghníomhach agus comhordaithe, amhail:

- forbairtí dearfacha ar fud na bpríomhréimsí beartais uile a neartú agus a mhionchoigeartú;
- acmhainní agus cúnamh do Bhallstáit an AE a shlógadh ar mhaithe le feabhas a chur ar dhul chun cinn i dtreo Moladh de chuid Comhairle na hEorpa maidir le cosaint na gceart LGBT a chomhlíonadh.
- tionscnaimh le sochaí shibhialta a chothú chun tuiscint, inghlacthacht agus meas níos fearr ar eispéiris LGBT a bhaint amach.

Ar bhonn níos sainiúla aibhsíonn Tuairimí an FRA na nithe seo a leanas:

- tacú le hiarrachtaí le haghaidh 'treorach cothrománaí' a sholáthraíonn cosaint chomhionann ó idirdhealú ar gach foras, lena n-áirítear claonadh gnéasach;
- úsáid na n-eisceachtaí 'oird phoiblí' chun srianta míchuí a fhorchur ar imeachtaí bainteach le LGBT nó ar léirithe eile ar aitheantas nó caidrimh LGBT a sheachaint;
- an ceart a dhaingniú chun faisnéis neamhlaofa a fháil ar lucht LGBT agus a gcaidreamh, agus chun maireachtáil i dtimpeallacht oscailte agus chuimsitheach, atá tábhachtach do leanaí LGBT ach go háirithe;
- an leibhéal céanna cosanta a chinntiú in aghaidh teagmhais homafóbach agus trasfóbach cosúil leis sin atá ann le haghaidh fuathchaint agus coireachta atá inspreagtha ag ciníochas nó seineafóibe;
- a chinntiú go gcuirtear cosaint dlí eiseach do lucht trasinscneach dá ndéantar foráil i ndlí an AE i bhfeidhm go cuí agus go gcuimsítear 'féiniúlacht inscne' go soiléir;
- páirtithe comhghnéis, cibé pósta, cláraithe, nó in aontas *de facto*, a áireamh i sainmhínithe de 'bhall teaghlaigh' i gcomhthéacs na saorghluaiseachta agus an athaontaithe teaghlaigh;
- claonadh gnéasach agus féiniúlacht inscne a aithint mar fhoras géarleanúna agus tuiscint agus próiseáil chuí ar éilimh thearmainn a fheabhsú, ag seachaint úsáid na measúnuithe táireacha agus sáiteacha ar inchreidteacht na n-éileamh bunaithe ar chlaonadh gnéasach agus féiniúlacht inscne ach go háirithe;
- féiniúlacht inscne a aithint mar ghné den saol príobháideach agus d'fhéintreorú seachas mar neamhord síciatrach, go háirithe i ndáil le coigeartú an inscne taifeadta nó le hathrú ainm ar aon cháipéisí oifigiúla;
- tuairimí an phobail níos cothroime ar shaincheisteanna LGBT a chur chun cinn trí chomhphlé idir ghrúpaí LGBT, na meáin, ionadaithe polaitiúla agus institiúidí creidimh a éascú, mar shampla trí chur chuige ilghníomhaireachta agus comhpháirtíochtaí.

## Tuilleadh faisnéise:

Tá anailís dlí chomparáideach an FRA *Homafóibe, trasfóibe agus idirdhealú ar fhorais um chlaonadh gnéasach agus féiniúlacht inscne – Nuashonrú 2010 [Homophobia, transphobia and discrimination on grounds of sexual orientation and gender identity – 2010 Update]* ar líne ag: **fra.europa.eu/fraWebsite/research/publications/publications_en.htm**

Tá forbhreathnú ar ghníomhaíochtaí FRA i réimse um chearta LGBT ar fáil ar láithreán gréasáin an FRA ag: **fra.europa.eu/fraWebsite/lgbt-rights/lgbt-rights_en.htm**

© Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha, 2011